Comhairle an
Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 29 Bealtaine 2019
(OR. en)

9332/19

**Comhad Idirinstitiúideach:
2018/0088(COD)**

**CODEC 1089
AGRILEG 96
DENLEG 60
MI 443
SAN 249
CONSOM 166
RECH 266**

**NÓTA MAIDIR LE MÍR "I/A"**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe/An Chomhairle |
| Ábhar: | Dréacht RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE maidir le trédhearcacht agus inbhuanaitheacht mheasúnú an Aontais ar rioscaí sa bhiashlabhra lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 178/2002, Rialachán (CE) Uimh. 1829/2003, Rialachán (CE) Uimh. 1831/2003, Rialachán (CE) Uimh. 2065/2003, Rialachán (CE) Uimh. 1935/2004, Rialachán (CE) Uimh. 1331/2008, Rialachán (CE) Uimh. 1107/2009 agus Rialachán (AE) Uimh 2015/2283 agus Treoir 2001/18/CE **(an chéad léamh)**<br>- Glacadh an ghnímh reachtaigh |

1. Ar an 11 Aibreán 2018, chuir an Coimisiún an togra thuas[1], atá bunaithe ar Airteagail 43 agus 114, agus ar Airteagal 168(4)(b) CFAE ar aghaidh chuig an gComhairle.

2. Thug Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa a thuairim uaidh ar an 19 Meán Fómhair 2018[2].

3. Thug Coiste na Réigiún a thuairim uaidh ar an 10 Deireadh Fómhair 2018[3].

[1] 8518/18.
[2] IO C 440, 6.12.2018, lch. 158.
[3] IO C 461, 21.12.2018, lch. 225.

4. Ghlac Parlaimint na hEorpa a seasamh ar an gcéad léamh maidir leis an togra ón gCoimisiún ar an 17 Aibreán 2019. Is léiriú é toradh na vótála i bParlaimint na hEorpa ar an gcomhaontú comhréitigh ar tháinig na hinstitiúidí air agus, dá bhrí sin, ba cheart go mbeadh glacadh ag an gComhairle[4] leis.

5. Iarrtar, dá bhrí sin, ar Choiste na mBuanionadaithe a dhaingniú go n-aontaíonn sé leis sin agus an méid seo a leanas a mholadh don Chomhairle:

– an seasamh ó Pharlaimint na hEorpa, mar a leagtar amach in PE-CONS 41/19 é, a fhormheas mar mhír "A" ar chlár oibre ceann de na cruinnithe a bheidh aici amach anseo;

– a chinneadh go ndéanfar an ráiteas atá san aguisín, a ghabhann leis an nóta seo, a chur isteach i miontuairiscí an chruinnithe sin.

Má fhormheasann an Chomhairle an seasamh ó Pharlaimint na hEorpa, glacfar an gníomh reachtach.

Nuair a bheidh an gníomh reachtach sínithe ag Uachtarán Pharlaimint na hEorpa agus ag Uachtarán na Comhairle, déanfar é a fhoilsiú in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

---

[4] 8440/19 + COR 1.